V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

AN OIFIG EORPACH UM ROGHNÚ FOIRNE (EPSO)

FÓGRA COMÓRTAIS OSCAILTE

EPSO/AST/125/12 — Cúntóirí (AST 3)

(2012/C 394 A/01)

Tá an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) ag eagrú comórtais oscailte ar bhonn trialacha chun painéal a chur i dtoll a chéile óna n-earcófar cúntóirí (*).

EPSO/AST/125/12 — Cúntóirí (AST 3)
sna réimsí seo a leanas:

1. **INIÚCHÓIREACHT**
2. **AIRGEADAS/CUNTASAÍOCHT**
3. **EACNAMAÍOCHT/STAIDREAMH**

Is é is aidhm don chomórtas seo painéal a chur i dtoll a chéile chun poist fholmha sna hinstitiúidí Eorpacha a líonadh.

Roimh duit iarratas a chur isteach, ní mór na treoracha do chomórtais oscailte a foilsíodh in Iris Oifigiúil C 270 A an 7 Meán Fómhair 2012 agus ar shuíomh gréasáin EPSO a léamh go grinn.

Is cuid dhílis den fhógra comórtais an treoir sin agus cuideoidh sí leat rialacha na nósanna imeachta agus na bealaí ar a gcuirtear iarratas isteach a thuiscint.

AN CLÁR ÁBHAR

I. **CÚLRA**
II. **DUALGAIS**
III. **INCHÁILITHEACHT**
IV. **TRIALACHA IONTRÁLA**
V. **IONAD MEASÚNAITHE**
VI. **PAINÉIL**
VII. **CONAS IARRATAS A CHUR ISTEACH**
IARSCRÍBHINNÍ

(*) Gach áit anseo a bhfuil tagairt don fhirinscne, glactar leis gur ag tagairt don fhirinscne agus don bhaininscne atáthar.

I. **CÚLRA**

1. **Líon na n-iarrthóirí a n-éireoidh leo de réir réimse**	**Réimse 1 = 25** **Réimse 2 = 45** **Réimse 3 = 40**
2. **Nótaí**	Ní féidir ach aon cheann amháin acu a roghnú. Ní mór an rogha sin a dhéanamh tráth an chlárúcháin ar líne agus ní féidir é a athrú tar éis duit d'iarratas a dhearbhú agus a bhailíochtú ar líne.

II. **DUALGAIS**

Is éard a bheidh de chúram ar chúntóirí AST 3, faoi mhaoirseacht riarthóra, cuidiú a thabhairt misean a n institiúide nó a gcomhlachta a chur chun feidhme agus féadfar a iarraidh orthu tascanna cur chun feidhme, tascanna cur i gcrích, tascanna tacaíochta agus tascanna lóistíochta a dhéanamh i réimsí éagsúla.

Tá cur síos mionsonraithe ar na réimsí éagsúla sin sna hIarscríbhinní.

III. **INCHÁILITHEACHT**

Ar an dáta deiridh atá leagtha síos don chlárúchán ar líne, ní mór duit na coinníollacha ginearálta agus sonracha seo a leanas a chomhlíonadh:

1. **Coinníollacha ginearálta**

(a) Bheith i do shaoránach de Bhallstát den Aontas Eorpach.

(b) Do chearta mar shaoránach a theachtadh.

(c) Aon oibleagáid dlí atá ort i dtaca le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta agat.

(d) Na riachtanais charachtair a chomhlíonadh a theastaíonn chun na dualgais i gceist a dhéanamh.

2. **Coinníollacha sonracha**

2.1.	**Cáilíocht:** féach na hIarscríbhinní
2.2.	**Taithí oibre:** féach na hIarscríbhinní
2.3.	**Eolas ar theangacha** [1]

[1] Féach Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CECR) — Teanga 1 = C1/Teanga 2 = B2 (http://europass.cedefop.europa.eu/europass/home/hornav/Downloads/CEF/LanguageSelfAssessmentGrid.csp).

(a) Teanga 1	**An phríomhtheanga:** Sáreolas ar theanga oifigiúil amháin de chuid an Aontais Eorpaigh.
agus	
(b) Teanga 2	**An dara teanga (nach ionann í agus teanga 1):** Eolas sásúil ar an mBéarla, ar an bhFraincis nó ar an nGearmáinis. ***I gcomhréir leis an mbreithiúnas a thug Cúirt an AE (Mór-Dhlísheomra) sa chás C-566/10 P, Poblacht na hIodáile v an Coimisiún, tá de cheangal ar institiúidí an AE a shonrú cad chuige a bhfuil na teangacha is féidir a roghnú mar dhara teanga sa chomórtas seo teoranta do líon srianta teangacha oifigiúla de chuid an AE.*** ***Dá bhrí sin, cuirtear iarrthóirí ar an eolas leis seo gur leagadh síos na roghanna don dara teanga i gcomhréir le leas na seirbhíse, rud a éilíonn go mbeidh comhghleacaithe nua-earcaithe ábalta feidhmiú ón gcéad lá agus go mbeidh siad in ann cumarsáid éifeachtach a dhéanamh ina gcuid oibre laethúla. Murach sin, bhainfí d'fheidhmiú éifeachtach na n-institiúidí.*** ***Ar bhonn cleachtais sheanbhunaithe de chuid institiúidí an AE maidir leis na teangacha a úsáidtear i gcumarsáid inmheánach agus ag tabhairt airde freisin ar riachtanais na seirbhísí maidir le cumarsáid sheachtrach agus láimhseáil comhad, is iad an Béarla, an Fhraincis agus an Ghearmáinis is mó a úsáidtear i gcónaí. Ina theannta sin, is iad an Béarla, an Fhraincis agus an Ghearmáinis is minice, de ghiota mór, a roghnaíonn iarrthóirí i gcomórtais ina bhfuil saor-rogha teangacha acu. Tá seo ag luí le caighdeáin oideachais agus ghairmiúla na linne a thaispeánann gur féidir a mheas go bhfuil iarrthóirí ar phoist san Aontas Eorpach líofa i gceann amháin de na teangacha sin ar a laghad. Dá bhrí sin, agus freastal á dhéanamh ar leas na seirbhíse agus ar riachtanais agus inniúlachtaí na n-iarrthóirí agus aird a thabhairt freisin ar réimse áirithe an chomórtais seo, tá sé dlisteanach na trialacha seo a eagrú i dtrí theanga lena áirithiú go bhfuil eolas oibre ag gach iarrthóir ar cheann amháin de na trí theanga oifigiúla sin ar a laghad, is cuma cad í a chéad teanga oifigiúil. Lena chois sin, chun cóir chomhionann a áirithiú do na hiarrthóirí go léir, ní mór do gach iarrthóir, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil ceann de na trí theanga sin mar chéad teanga acu, an triail a dhéanamh ina dhara teanga, de na trí theanga sin. Trí inniúlachtaí sonracha a mheasúnú sa dóigh seo, féadfaidh na hinstitiúidí meastóireacht a dhéanamh ar chumas na n-iarrthóirí dul i mbun oibre láithreach i dtimpeallacht atá iontach cosúil leis an bhfíorthimpeallacht oibre a bheadh rompu sa phost. Tá sin gan dochar d'oiliúint teanga is féidir a dhéanamh níos déanaí chun eolas oibre a chur ar thríú teanga i gcomhréir le hAirteagal 45(2) de na Rialacháin Foirne.***

IV. **TRIALACHA IONTRÁLA**

Déanfar na trialacha iontrála ar ríomhaire, agus is é EPSO a eagróidh iad. Is é an bord roghnúcháin a chinnfidh leibhéal deacrachta na dtrialacha agus a fhaomhfaidh a mbeidh iontu i bhfianaise moltaí ó EPSO.

1. **Tabharfar cuireadh duit na trialacha a dhéanamh**	Tabharfar cuireadh duit na trialacha a dhéanamh más rud é gur bhailíochtaigh tú d'iarratas in am (féach Roinn VII). **Tabhair faoi deara:** 1. ar bhailíochtú d'iarratas duit, deimhníonn tú go gcomhlíonann tú coinníollacha ginearálta agus sonracha Roinn III; 2. chun páirt a ghlacadh sna trialacha, ní mór dáta a chur in áirithe; tá sé **sár-riachtanach** go ndéanfar sin roimh an spriocdháta a chuirfear in iúl duit trí do chuntas EPSO.	
2. **Cineál agus marcáil na dtrialacha**	Sraith de thrialacha bunaithe ar cheisteanna ilroghnacha chun do chumas agus d'inniúlacht ghinearálta a mheasúnú maidir leis na nithe seo a leanas:	
Triail (a)	Réasúnaíocht bhriathartha	Marcáil: 0-20 pointe An pasmharc: 10 bpointe
Triail (b)	Réasúnaíocht uimhriúil	Marcáil: 0-10 bpointe
Triail (c)	Réasúnaíocht theibí	Marcáil: 0-10 bpointe
		Is é 10 bpointe an pasmharc comhiomlán do thriail (b) agus (c)

Triail (d)	Cumas oibre: cruinneas agus beachtas	Marcáil: 0-20 pointe
Triail (e)	Cumas oibre: tosaíochtaí a chur in ord tábhachta agus eagrúchán	Marcáil: 0-20 pointe
		Is é 20 pointe an pasmharc comhiomlán do thriail (d) agus (e)
Triail (f)	Breithiúnas suíomhúil	Marcáil: 0-40 bpointe An pasmharc: 24 pointe
3. **Teanga na dtrialacha**	Teanga 1 i gcás thrialacha (a), (b) agus (c) Teanga 2 i gcás thrialacha (d), (e) agus (f)	

V. **IONAD MEASÚNAITHE**

1. **Cuireadh**	Tabharfar cuireadh duit chuig an ionad measúnaithe: — má ghnóthaigh tú an pasmharc sna trialacha iontrála, agus — má ghnóthaigh tú ceann de na marcanna foriomlána is fearr sna trialacha sin ([2]), agus — más rud é, tar éis scrúdú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a soláthraíodh san iarratas ar líne ([3]), go gcomhlíonann tú coinníollacha ginearálta agus sonracha Roinn III. Tabharfar cuireadh chuig an ionad measúnaithe do thart ar **dhá oiread go leith** líon na n iarrthóirí a n-éireoidh leo atá luaite san fhógra comórtais seo, agus foilseofar an líon sin ar shuíomh gréasáin EPSO (http://blogs.ec.europa.eu/eu-careers.info/).
2. **An t-ionad measúnaithe**	Is éard is aidhm d'imeachtaí an ionaid mheasúnaithe na hinniúlachtaí seo a leanas a mheasúnú: A. **Inniúlachtaí sonracha** Trí chás-staidéar sa réimse a roghnaíodh amháin agus trína bhíthin sin amháin a scrúdófar inniúlachtaí sonracha. B. **Inniúlachtaí ginearálta** ([4]) — Anailísiú agus réiteach fadhbanna — Cumarsáid — Cáilíocht agus torthaí — Foghlaim agus forbairt — Tosaíochtaí a chur in ord tábhachta agus eagrúchán — Buanseasmhacht — Obair bhuíne Scrúdófar na saininniúlachtaí ginearálta ar na bealaí seo a leanas ([5]): (a) inbhosca ríomhphoist (b) agallamh struchtúrtha (c) cás-staidéar sa réimse a roghnaíodh (d) gníomhaíocht i ngrúpa Tabharfar cuireadh duit páirt a ghlacadh sa chás-staidéar sa réimse i gceist ([6]) (atá ina chuid dhílis de thrialacha an ionaid mheasúnaithe) agus i dtrialacha eile an ionaid mheasúnaithe; is gnách go mbíonn siad ar siúl sa Bhruiséil ar feadh lá. **Scrúdófar na hinniúlachtaí ginearálta sin mar atá léirithe sa tábla seo thíos:**

([2]) Maidir leis an áit dheireanach, i gcás ina ngnóthóidh roinnt iarrthóirí an marc céanna, tabharfar cuireadh dóibh ar fad chuig an ionad measúnaithe.
([3]) Seiceálfar an fhaisnéis sin, trí scrúdú a dhéanamh ar na doiciméid tacaíochta, sula gcuirfear an painéal i dtoll a chéile (féach Roinn VI.1 agus Roinn VII.2).
([4]) Tá sonraí na n-inniúlachtaí sin ar fáil i bpointe 1.2 den treoir is infheidhme maidir le comórtais oscailte.
([5]) Déanfaidh an bord roghnúcháin a mbeidh sna nithe seo a bhailíochtú.
([6]) Ar chúiseanna eagrúcháin, d'fhéadfadh an cás-staidéar bheith ar siúl in ionaid scrúdúcháin sna Ballstáit agus/nó sa Bhruiséil, is cuma cá háit a mbeidh trialacha eile an ionaid mheasúnaithe ar siúl.

	Inbhosca ríomhphost	Agallamh struchtúrtha	Cás-staidéar	Gníomhaíocht i ngrúpa
Anailísiú agus réiteach fadhbanna	x		x	
Cumarsáid		x	x	
Cáilíocht agus torthaí	x		x	
Foghlaim agus forbairt		x		x
Tosaíochtaí a chur in ord tábhachta agus eagrúchán	x	x		
Buanseasmhacht		x		x
Obair bhuíne	x			x

3. **Teanga an ionaid mheasúnaithe**	Teanga 2
4. **Marcáil**	**Inniúlachtaí sonracha (triail (c))** 0-30 bpointe An pasmharc: 15 phointe **Ualú: 30 % den mharc foriomlán** **Inniúlachtaí ginearálta** 0-10 bpointe do gach ceann de na hinniúlachtaí ginearálta An pasmharc: 3 phointe i ngach inniúlacht **agus** marc foriomlán 35 pointe as 70 sna 7 n-inniúlacht ghinearálta **Ualú: 70 % den mharc foriomlán**

VI. **PAINÉIL**

1. **Iarrthóirí a chur ar na painéil**	Cuirfidh an bord roghnúcháin d'ainm ar an bpainéal: — má tá tú ar dhuine de na hiarrthóirí a ghnóthaigh an pasmharc ([7]) agus ceann de na marcanna foriomlána is fearr sna trialacha measúnaithe (féach líon na n-iarrthóirí a n éireoidh leo, Roinn I.1), — **agus, más rud é, i bhfianaise na ndoiciméad tacaíochta**, go gcomhlíonann tú na coinníollacha incháilitheachta ar fad. Déanfar seiceáil ar na hiarratais, in ord íslitheach tuillteanais, go mbainfear amach an líon is mó iarrthóirí is féidir a bheith ar an bpainéal, ar iarrthóirí iad a chomhlíonann na coinníollacha incháilitheachta ar fad. Ní scrúdófar doiciméid tacaíochta na n-iarrthóirí atá faoi bhun na tairsí sin. Má thagann sé chun solais sa tseiceáil nach bhfuil na dearbhuithe ([8]) a rinne iarrthóir san iarratas ar líne ag luí leis na doiciméid tacaíochta ábhartha, dícháileofar an t-iarrthóir sin den chomórtas.
2. **Aicmiú**	Tarraingeofar suas na liostaí de réir réimse agus in ord aibítre.

([7]) Maidir leis an áit dheireanach, i gcás ina ngnóthóidh roinnt iarrthóirí an marc céanna, cuirfear iad ar fad ar an bpainéal.
([8]) Is é EPSO a dheimhneoidh na dearbhuithe i ndáil leis na coinníollacha ginearálta agus is é an bord roghnúcháin a dheimhneoidh na dearbhuithe i ndáil leis na coinníollacha sonracha.

VII. **CONAS IARRATAS A CHUR ISTEACH**

1. **Clárú ar líne**	Ní mór duit clárú ar líne sa tslí a léirítear ar shuíomh gréasáin EPSO, agus sa treoirleabhar maidir le clárúchán go háirithe. **Spriocdháta (an bailíochtú san áireamh): an 22 Eanáir 2013 ag 12 a chlog (meán lae)**, am na Bruiséile.
2. **An comhad iarratais**	**Má bhíonn tú ar dhuine de na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh dóibh** chuig an ionad measúnaithe, beidh ort an comhad iomlán a bhaineann le d'iarratas a bhreith leat ([9]) (an fhoirm iarratais leictreonach agus í sínithe, na doiciméid tacaíochta san áireamh) chuig an ionad measúnaithe. **Sonraí praiticiúla:** féach pointe 6.1 de na treoracha do chomórtais oscailte.

([9]) Déanfar dáta do choinne san ionad measúnaithe a chur in iúl duit in am agus i dtráth trí do chuntas EPSO.

IARSCRÍBHINN 1

INIÚCHÓIREACHT

1. **Dualgais**

Déanfaidh na hoifigigh cúraimí cúntóirí i gceann amháin nó i roinnt ceann de na réimsí seo a leanas den iniúchóireacht sheachtrach nó inmheánach.

— Anailís a dhéanamh (faoi stiúir dhíreach an oifigigh iniúchóireachta nó iniúchóra ainmnithe) ar na tuarascálacha agus ar na dearbhuithe a chuireann na Ballstáit agus tairbhithe eile isteach maidir le húsáid acmhainní an Aontais Eorpaigh.

— Cuidiú a thabhairt meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht córas rialaithe arna gcur ar bun ag na Ballstáit agus ag tairbhithe eile.

— Cuidiú a thabhairt comhairliúcháin idirsheirbhíse a eagrú, an obair iardain a bhaineann leo a dhéanamh agus freagra a thabhairt ar aon cheisteanna a ardaítear iontu.

— Cuidiú a thabhairt misin iniúchóireachta agus pleananna fiosrúcháin a fhorbairt.

— Cuidiú a thabhairt tuarascálacha iniúchóireachta a ullmhú agus féachaint chuige go ndéanfar obair iardain i leith moltaí.

— Na nósanna imeachta ag a mbeidh tionchar airgeadais agus na nósanna imeachta bainistíochta a ullmhú do na Ballstáit agus do thairbhithe eile a bhfuil baint acu le húsáid acmhainní an Aontais Eorpaigh nó, más gá, féachaint chuige go gcuirfear i bhfeidhm iad agus go ndéanfar aon obair iardain ina leith.

— An caidreamh leis an gCúirt Iniúchóirí a chomhordú.

— Cuidiú a thabhairt conarthaí a bhainistiú le hiniúchóirí seachtracha a sholáthraíonn seirbhísí iniúchóireachta.

— Cuidiú a thabhairt cineál próisis a sheiceáil, rioscaí agus rialuithe a shainaithint agus rialuithe agus meastóireacht a dhéanamh ar leordhóthanacht agus éifeachtacht próiseas rialaithe inmheánaigh, bainistíochta riosca agus riaracháin.

— Cáilíocht agus comhleanúnachas modheolaíoch na ngníomhaíochtaí iniúchóireachta a dhéantar laistigh de na seirbhísí a chothú.

2. **Cáilíochtaí**

Oideachas tríú leibhéal agus cáilíocht a bhaineann le dualgais an phoist bainte amach ag a dheireadh.

NÓ

Oideachas dara leibhéal agus cáilíocht bainte amach ag a dheireadh a thugann rochtain ar an oideachas tríú leibhéal, agus taithí oibre trí bliana ar a laghad a fuarthas ina dhiaidh sin i réimse a bhaineann le dualgais an phoist.

NB: Cuid dhílis den cháilíocht is ea an t-íosmhéid sin de thrí bliana de thaithí oibre, agus ní féidir é a áireamh mar chuid den taithí oibre a éilítear thíos.

3. **Taithí oibre**

Taithí oibre trí bliana ar a laghad a bhaineann le dualgais an phoist.

Níl an taithí oibre sin ábhartha ach amháin má fuarthas í i ndiaidh bhaint amach na cáilíochta a lig don iarrthóir cur isteach ar an gcomórtas.

IARSCRÍBHINN 2

AIRGEADAS/CUNTASAÍOCHT

1. **Dualgais**

I gcomhthéacs gníomhaíochtaí éagsúla buiséadacha agus airgeadais na hinstitiúide de bhun Rialachán Airgeadais an Aontais Eorpaigh agus a fhorálacha cur i bhfeidhm, beidh sé de fhreagracht ag an oifigeach, ar bhonn treoracha sainráite agus trí uirlisí ríomhaireachta sonracha (córas ríomhaireachta cuntasaíochta) a úsáid, cúraimí cur chun feidhme a dhéanamh amhail:

— Monatóireacht a dhéanamh ar na nósanna imeachta airgeadais agus buiséadacha (bainistiú creidmheasanna, ceangaltais, seiceáil ar na sonraisc agus ar na híocaíochtaí, orduithe gnóthúcháin, meastacháin fiachais).

— Páirt a ghlacadh i dtarraingt suas meastachán buiséadach, tuarascálacha agus cuntas bliantúil.

— Cuidiú a thabhairt maidir le nósanna imeachta soláthair.

— Monatóireacht a dhéanamh ar fhiachais agus taifead a dhéanamh ar ioncam.

— Bainistiú airgeadais a dhéanamh ar ioncam agus an cur chuige cuntasaíochta a sheiceáil.

— Cuidiú a thabhairt córais chuntasaíochta agus airgeadais a fheidhmiú.

— Cuntais ghinearálta nó bhuiséadacha a choinneáil.

— Nósanna imeachta maidir le cáilíocht cuntasaíochta a chur ar bun, a chur chun feidhme agus a fheabhsú chun rioscaí cuntasaíochta a mhaolú.

— Rialuithe tráthrialta a dhéanamh ar shonraí cuntasaíochta chun a áirithiú go mbainfear amach na cuspóirí maidir le cáilíocht cuntasaíochta.

— Cuidiú a thabhairt cuntais a chríochnú agus ráitis airgeadais a bhunú.

— Cuidiú a thabhairt do sheirbhísí na n-institiúidí ó thaobh cuntasaíochta agus comhairle de.

— Airgead agus oibríochtaí íocaíochta agus réitigh bhaincéireachta a bhainistiú.

— Réitigh sa chuntasaíocht ghinearálta agus óinchistí a bhainistiú.

2. **Cáilíochtaí**

Oideachas tríú leibhéal agus cáilíocht a bhaineann le dualgais an phoist bainte amach ag a dheireadh.

NÓ

Oideachas dara leibhéal agus cáilíocht bainte amach ag a dheireadh a thugann rochtain ar an oideachas tríú leibhéal, agus taithí oibre trí bliana ar a laghad a fuarthas ina dhiaidh sin i réimse a bhaineann le dualgais an phoist.

NB: Cuid dhílis den cháilíocht is ea an t-íosmhéid sin de thrí bliana de thaithí oibre, agus ní féidir é a áireamh mar chuid den taithí oibre a éilítear thíos.

3. **Taithí oibre**

Taithí oibre trí bliana ar a laghad a bhaineann le dualgais an phoist.

Níl an taithí oibre sin ábhartha ach amháin má fuarthas í i ndiaidh bhaint amach na cáilíochta a lig don iarrthóir cur isteach ar an gcomórtas.

IARSCRÍBHINN 3

STAIDREAMH/EACNAMAÍOCHT

1. **Dualgais**

Déanfaidh na hoifigigh cúraimí cúntóirí i gceann amháin nó i roinnt ceann de na réimsí seo a leanas:

— Cuntais náisiúnta, staitisticí i ndáil le praghais agus príomhtháscairí.

— Staitisticí airgeadais rialtas.

— Staitisticí réigiúnacha agus earnálacha.

— Staitisticí sóisialta.

— Staitisticí ginearálta gnólachtaí.

— Comhar laistigh den Chóras Staidrimh Eorpach, comhar idirnáisiúnta.

— Seirbhísí staidrimh agus ríomhaireachta i ndáil le gnólachtaí.

Is iad na cúraimí riachtanacha:

(1) *Modhanna oibre staidrimh, dearadh agus caighdeánú*

— Cáilíocht modhanna oibre staidrimh a thástáil, a bhailíochtú agus a rialú.

— Cuidiú a thabhairt táscairí staidrimh a shocrú.

— Cuidiú a thabhairt próisis, táirgí agus na modhanna oibre ceaptha do na staitisticí Eorpacha oifigiúla a chomhchuibhiú agus a chaighdeánú, le teicneolaíochtaí ríomhaireachta nua-aoiseacha.

— Cuidiú a thabhairt táirgí nua agus gníomhaíochtaí nua staidrimh a fhorbairt.

(2) *Staitisticí a rialáil agus a chomhordú*

— Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí rialála agus comhordaithe staitisticí na n-institiúidí Eorpacha, i gcomhar le hinstitiúidí eile de chuid an AE, na Ballstáit, tíortha comhlachaithe agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, maidir le rialáil, comhchuibhiú agus comhordú modhanna oibre agus nósanna imeachta staidrimh.

(3) *Sonraí staidrimh a bhainistiú agus a phróiseáil*

— Sonraí staidrimh a bhailíochtú agus a struchtúrú.

— Sonraí díorthaithe a ríomh agus meastacháin agus réamh-mheastacháin staidrimh a dhéanamh.

— Sonraí staidrimh a bhailiú, a chur ar aghaidh agus a thiomsú le haghaidh a bhfoilsithe.

— Méadú ar an úsáid a bhaintear as sonraí comhtháite, lena n-áirítear sonraí ó fhoinsí riaracháin.

— Réamhphróiseáil a dhéanamh ar shonraí ó thrádstórais sonraí agus "sonraí móra"/sonraí idirlín/sonraí iléagsúla a phróiseáil.

(4) *Cáilíocht a mheas agus a rialú, na sonraí a iniúchadh*

— Cuidiú a thabhairt iniúchadh a dhéanamh ar chomhréireacht agus ar láidreacht modhanna oibre, táirgí agus torthaí staidrimh.

— Meastóireachtaí cáilíochta a dhéanamh agus féachaint chuige go gcuirfear i bhfeidhm próiseas um lipéadú cáilíochta do staitisticí Eorpacha.

(5) *Anailís, comhairle agus craobhscaoileadh faisnéise staidrimh agus eacnamaí*

— Sonraí eacnamaíocha agus staidrimh a anailísiú agus meastóireachtaí staidrimh nó eacnamaíocha a ullmhú.

— Cuidiú a thabhairt anailís agus meastóireacht ar acmhainneacht foinsí i bhfarradh foinsí eile a dhéanamh.

— Iarratas ar fhaisnéis maidir le ceisteanna staidrimh agus eacnamaíocha a bhainistiú, cumarsáid a dhéanamh leis an úsáideoir agus comhairle a thabhairt dó maidir le hilfheidhmíocht na faisnéise ón trádstóras sonraí.

— Na torthaí a ullmhú chun a gcraobhscaoilte (téacsanna a dhréachtú, na hilmheáin a úsáid, ailt a scríobh lena gcur ar an ngréasán) i dtuarascálacha staidrimh agus eacnamaíocha.

Chun na cúraimí sin a dhéanamh, ní mór duit bheith in ann tú féin a chur in oiriúint do chineálacha éagsúla oibre traseárnála agus ní mór tuiscint mhaith a bheith agat ar imeachtaí polaitiúla agus eacnamaíocha agus cuntas teiste cruthaithe a bheith agat ar inniúlachtaí a bhaineann le hanailís, cumarsáid, dréachtú doiciméad, modhanna craobhscaoilte agus bainistíocht tionscadal.

2. **Cáilíochtaí**

Leibhéal oideachais tríú leibhéal agus cáilíocht a bhaineann le dualgais an phoist bainte amach ag a dheireadh.

NÓ

Oideachas dara leibhéal agus cáilíocht bainte amach ag a dheireadh a thugann rochtain ar an oideachas tríú leibhéal, agus taithí oibre trí bliana ar a laghad a fuarthas ina dhiaidh sin i réimse a bhaineann le dualgais an phoist.

NB: Cuid dhílis den cháilíocht is ea an t-íosmhéid sin de thrí bliana de thaithí oibre, agus ní féidir é a áireamh mar chuid den taithí oibre a éilítear thíos.

3. **Taithí oibre**

Taithí oibre trí bliana ar a laghad a bhaineann le dualgais an phoist.

Níl an taithí oibre sin ábhartha ach amháin má fuarthas í i ndiaidh bhaint amach na cáilíochta a lig don iarrthóir cur isteach ar an gcomórtas.